# Nuachtlitir SNC



## Mí Iúil 2021

Rphost: scoilnaomhciaran@gmail.com

Oifig: 095 33613 Guthán: 086 302 4158

### Leabharliostaí

Ba cheart go mbeadh ríomhphost faighte ag gach clann anois le leabharliostaí 2021-2022. Tá siad ar an suíomh idirlíon anois freisin.

### As Oifig

Beidh muid as oifig ón 20ú Iúil go dtí 24ú Lúnasa. Bainigí fíor thaitneamh as an saoire! ☺

### An Chéad Chomaoineach

Tá sé socraithe go mbeidh gach Rang a 3 ó Scoil Naomh Ciarán, Scoil na hAirde Móire & Scoil Mhuire Carna ag glacadh a gCéad Chomaoineach ar An Sathairn, 11ú Deireadh Fómhair ag 12 meánlae i Séipéal Mhuire, Carna.

Tá fíorbhrón orainn ach ní bheidh Rang a 2 in-ann é a dhéanamh linn ar an lá sin de bharr ceal spáis sa séipéal ar an lá agus srianta COVID-19.

Dá bhrí sin, beidh Rang a 2 á dhéanamh ag dáta atá fós le socrú i dTéarma a 3 sa bhliain 2022.

### An Chéad Fhaoistin

Beidh Rang a 3 amháin ag déanamh An Chéad Fhaoistin ar dháta atá fós le socrú. Faoi láthair tá muid ag súil go mbeidh sé ar siúl ar lá éigin idir an 31ú Lúnasa agus an 10ú Meán Fómhair.



### Cleachtadh An Chéad Chomaoineach

Beidh Paidreacha ag dul suas ar an suíomh idirlíon ionas go mbeidh gasúir Rang a 3 in-ann a bheith ag cleachtadh i rith an tSamhraidh.

Molaim do ghasúir Rang a 3 dul ag an Aifreann chomh minic agus is féidir, nó éisteacht leis an Aifreann ar an Raidió.

© 2017 Create-abilities LLC. All rights reserved.